Gaeilge ABC
Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

*Aibreán 2024*
*Eagrán a 7*

---

## LÁ MÓR SIAMSAÍOCHTA
## SEOLADH PHLEAN TEANGA


Bí linn Dé Sathairn 20 Aibreán do lá mór siamsaíochta, ina mbeidh ár bPlean Teanga á sheoladh ag Aodhán Mac Cormaic, agus neart imeachtaí ar siúl ar nós Ealaín agus Ceardaíocht le Galway Art Academy, Scéalaíocht le Julie Anne de Brún, Ceardlann damhsa ar an sean-nós le hAlanagh Ní Chonghaile Ní Ghríofa, Sorcas Gaelach le Stephen McGinley, Ceardlann drumadóireachta le Drumadore, agus neart eile! Beidh imeachtaí ar siúl a bheas feiliúnach do pháistí, do dhéagóirí agus do dhaoine fásta! Scaip an scéal, agus bí linn!




Join us on Saturday 20th April for a fun-packed day, on which Aodhán Mac Cormaic will be launching our Language Plan, and then we will have a range of activities which will include Arts and Crafts, Storytelling, Sean-nós dance workshop, Circus Skills, Drumming workshop and plenty more! There will be activities suitable for children, teenagers and adults! Spread the word, and join us on the day!

## RANGANNA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

Cuirfear tús leis an téarma nua dár gcuid ranganna Gaeilge do dhaoine fásta an tseachtain seo. Beidh trí rang éagsúil againn: Bunleibhéal, Meánleibhéal, agus TEG A2, agus beidh siad ar siúl i mBearna agus i gCnoc na Cathrach. Seo thíos an t-amchlár do na ranganna, agus is féidir clárú ag an nasc seo. Molaimíd go láidir clárú anois toisc go bhfuil spásanna sna ranganna teoranta.




## *IRISH LANGUAGE CLASSES FOR ADULTS*

Our new term of Irish classes for adults will begin this week. We will have three different classes: Beginners, Intermediate, and TEG A2, and the classes will take place in Barna and in Knocknacarra. The timetable for the classes can be seen below, and you can register via this link. We strongly encourage you to register now as spaces in the classes are limited.

**Cláraigh Anseo**
**Register Here**

## RANGANNA IÓGA I MBEARNA

Cuirfear tús le téarma nua ranganna ióga trí Ghaeilge Déardaoin 11 Aibreán. Is í Caoilfhionn de Bhaldraithe ó Sruth Yoga a bheas ag múineadh na ranganna seo, agus beidh siad ar siúl i Súil Eile Space, i mBearna, chuile thráthnóna Déardaoin ó 6.30pm-7.45pm. Tá lascaine ar fáil ar na ranganna seo, urraithe ag Gaeilge ABC, agus is féidir spás a chur in áirithe ar shuíomh www.sruthyoga.com nó trí theagmháil a dhéanamh le Caoilfhionn ag 087 627 5626




A new term of yoga classes (taught through Irish) will begin on Thursday 11th April. Caoilfhionn de Bhaldraithe from Sruth Yoga will be teaching these classes, and they will take place in Súil Eile Space every Thursday evening from 6.30pm-7.45pm. A discount is available on these classes, sponsored by Gaeilge ABC, and a space can be reserved on the website www.sruthyoga.com or by contacting Caoilfhionn on 087 627 5626.

## SUÍ 'S SPRAOI

Cuireadh tús le grúpa nua ag tús na bliana seo atá dírithe ar thuismitheoirí agus a gcuid páistí. Buaileann an grúpa le chéile chuile Chéadaoin i Súil Eile Space i mBearna ag 11.30rn. Is deis iontach atá anseo chun bualadh le tuismitheoirí eile atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge agus is deis atá ann do na páistí bualadh le cairde nua! Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hElaine ag 083 2055378.

A new parent and toddler group started in Barna early this year. The group meets every Wednesday in Súil Eile Space in Barna at 11.30am. This is a great opportunity to meet other parents who are raising their children with Irish and it's a great opportunity for the children to make new friends! For more information, please contact Elaine on 083 2055378.



## FÉILE FILÍOCHTA

Tháinig 177 páiste ó chúig scoil Ghaeltachta díreach taobh amuigh de Chathair na Gaillimhe le chéile chun leabhar filíochta dá gcuid féin a sheoladh ar Lá Domhanda na Filíochta. Bhí na filí Máire Holmes agus Aimée Ní Chonaing i gceannas ar cheardlanna filíochta Gaeilge a reáchtáil leis na páistí sna cúig scoil roimh na Nollag agus scríobh gach dalta a ghlac páirt dán le cur isteach sa leabhar. Ba iad na cúig scoil a ghlac páirt ná Scoil Bhaile Nua, Maigh Cuilinn; Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach; Scoil Shéamais Naofa, Bearna; Scoil Náisiúnta Naomh Breandán, Eanach Dhúin; agus Scoil Bhríde, Mionloch.



A group of 177 children from five Gaeltacht schools just outside Galway City came together to launch their own poetry book on World Poetry Day. The poets Máire Holmes and Aimée Ní Chonaing were in charge of holding Irish poetry workshops with the children in the five schools before Christmas and each student who took part wrote a poem to be included in the book. The five schools that took part were Scoil Bhaile Nua, Maigh Cuilinn; Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach; Scoil Shéamais Naofa, Bearna; Scoil Náisiúnta Naomh Breandán, Eanach Dhúin; and Scoil Bhríde, Mionloch.





## SÚIL EILE SPACE, BEARNA

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile an **Déardaoin deireanach de chuile mhí ag a 11.00** i Súil Eile Space, Bearna. Beidh an chéad cheann eile ar siúl **Déardaoin 29 Feabhra.** Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!




A conversation circle meets in Súil Eile Space in Barna **at 11.00 on the last Thursday of every month**. The next conversation circle will take place **Thursday 29th February.** Everyone is welcome, whatever your level of Irish!

## CLYBAUN HOTEL

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile chuile mhaidin Dé hAoine in Óstán an Chlaí Bháin. Tabhair faoi deara go bhfuil an t-am don chiorcal comhrá seo athraithe agus go mbíonn siad ag bualadh lena chéile ag a 11.00 anois. Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!




A conversation circle meets every Friday morning in the Clybaun Hotel. Please note that the time for this conversation circle has changed, and they now meet at 11.00. Everyone is very welcome, regardless of your level of Irish!